Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 12 Deireadh Fómhair 2015**
**(OR. en)**

**12880/15**

**COAFR 294**
**RELEX 796**
**ACP 137**
**DEVGEN 181**
**ASIM 114**
**JAI 736**
**COPS 304**
**MAMA 160**
**COWEB 104**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Deireadh Fómhair 2015 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12789/15 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Imirce<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 12 Deireadh Fómhair 2015) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Imirce, a ghlac an Chomhairle ag an 3416ú cruinniú a bhí aici an 12 Deireadh Fómhair 2015.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Imirce**

**An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 12 Deireadh Fómhair**

1. I ngeall ar an ngéarchéim ollmhór imirce agus teifeach atá os comhair an Aontais anois tháinig méadú mór ar shreabha imirce measctha ar fud Oirthear na Meánmhara agus na mBalcán Thiar, ag an am céanna le sreabh leanúnach ar fud bhealach na Meánmhara Láir. Tá na Balcáin Thiar faoi bhrú méadaitheach agus tá comhpháirtithe agus tíortha eile i gcomharsanacht[1] an Aontais Eorpaigh faoi ualach uafásach de bharr na géarchéime, go háirithe an Iordáin, an Liobáin, an Tuirc agus an Iaráic, a bhfuil formhór mór na dteifeach ón tSiria agus na ndaoine atá easáitithe go hinmheánach san Iaráic á óstáil acu.

2. Tá na géarchéimeanna inár gcomharsanacht agus lasmuigh di i gcroílár an easáitithe éigeantaigh, agus tá tosca diúltacha eile ag cur leo amhail an bhochtaineacht, sáruithe ar chearta an duine agus lagfhorbairt shocheacnamaíoch, agus léiríonn siad go bhfuil gá ag an Aontas Eorpach le beartas seachtrach imirce agus tearmainn a bheidh cuimsitheach agus cothrom. I ndáil leis sin, is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón Ard-Ionadaí/Leas-Uachtarán agus ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair maidir le "Dul i nGleic le Géarchéim na dTeifeach san Eoraip: Ról Ghníomhaíocht Sheachtrach an Aontais Eorpaigh ", agus na gníomhaíochtaí a leagtar amach ansin mar bhunús le haghaidh obair bhreise amach anseo. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle a tacaíocht iomlán do chearta an duine, lena n-áirítear cás na mban agus na gcailíní mar aon le daoine soghonta agus grúpaí leochaileacha eile.

---

[1] Agus na téarmaí 'tíortha' nó 'teorainneacha' á n-úsáid sna Conclúidí ón gComhairle, ní chiallaíonn sé sin go dtugtar aitheantas gur stáit iad.

3. Dearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici leas a bhaint as gach ionstraim iomchuí agus as gach beartas iomchuí agus tacú leis an obair atá ar bun chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na sreafaí imirce, go háirithe coinbhleachtaí, éagobhsaíocht pholaitiúil, sáruithe ar chearta an duine, lagfhorbairt shocheacnamaíoch, lena n-áirítear easpa deiseanna fostaíochta, drochrialachas agus athrú aeráide. Sa chomhthéacs sin, tá an Chomhairle ag tacú i gcónaí le tionscnaimh thaidhleoireachta na Náisiún Aontaithe chun an choinbhleacht sa tSiria agus sa Libia a réiteach, agus an obair atá ar bun ag an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit mar bhonn agus mar thaca aige sin.

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá dlúthchomhar le tíortha céadtearmainn, le tíortha tionscnaimh agus tíortha idirthurais chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar an dúshlán coiteann seo.

I dtaca leis sin, meabhraíonn an Chomhairle na gníomhaíochtaí a rinne an tArdionadaí/an Leas-Uachtarán, an Coimisiún agus na Ballstáit chun dlús a chur leis an tacaíocht atá á tabhairt don Iordáin, don Liobáin, don Tuirc agus do na Balcáin Thiar. Is díol sásaimh don Chomhairle an toradh a bhí ar an gComhdháil Ardleibhéil maidir le bealach Oirthear na Meánmhara/na mBalcán Thiar an 8 Deireadh Fómhair 2015 i Lucsamburg, tacaíonn sí leis an Dearbhú a tháinig as agus iarrann sí go gcuirfí chun feidhme go hiomlán agus go pras agus go ndéanfaí obair leantach ina leith.

5. Measann an Chomhairle go bhfuil sé ríthábhachtach dlús a chur leis an gcomhar idir an tAontas agus an Tuirc i dtaobh tacú le dídeanaithe agus leis an imirce agus tá sí ag súil le comhaontú leis an Tuirc mar chuid de chlár oibre cuimsitheach bunaithe ar ghealltanais fhrithpháirteacha. Tacaíonn an Chomhairle leis an obair atá ar siúl faoi láthair maidir le Plean Gníomhaíochta a chur ar bun agus tá sí ag súil lena phlé chun teacht ar chomhaontú maidir leis.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle an cinneadh go méadófar go mór an maoiniú atá ar fáil ó Chiste Réigiúnach an Aontais Eorpaigh, a bunaíodh le déanaí mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria ("Ciste Madad"), mar a gcuirfear os cionn 500 EUR milliún de mhaoiniú ón Aontas leis an méid a bhaileoidh na Ballstáit agus tíortha eile. Moltar gur chóir na Balcáin Thiar a chumhdach freisin faoina raon feidhme.

7. Meabhraíonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le dul i mbun idirphlé cuimsitheach le tíortha tionscnaimh agus idirthurais san Afraic chun sreabha imirce agus tearmainn a bhainistiú ar bhonn comhpháirteach de mheon na comhpháirtíochta, na freagrachta agus na freagrachta comhroinnte. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle an méid atá á dhéanamh ag Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus Uachtarán an Choimisiúin, agus ag Uachtaránacht na Comhairle, i ndlúthchomhar leis an Ard-Ionadaí/Leas-Uachtarán, mar ullmhúcháin do Chruinniú Mullaigh Vaileite an 11 agus an 12 Samhain agus molann sí do na gníomhaithe uile lena mbaineann teacht ar réiteach cothrom agus cuimsitheach agus dul chun cinn maith a dhéanamh maidir le réimsí tosaíochta uile an Dréachtphlean Ghníomhaíochta. Tá an Chomhairle ag súil go dtabharfar chun críche gan mhoill an Dréachtphlean Gníomhaíochta agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá an rannpháirtíocht ar na leibhéil is airde ar an dá thaobh.

8. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle rannpháirtíocht níos dlúithe le comhpháirtithe na hAfraice trí idirphlé mór-roinne idir an tAontas Eorpach agus an Afraic maidir leis an Imirce agus leis an tSoghluaisteacht, trí straitéisí réigiúnacha an Aontais (an tSaiheil, Corn na hAfraice, Murascaill na Guine) agus trí idirphlé (Rabat, Cartúm) agus trí Chomhaontú Comhpháirtíochta Cotonou chun dul i ngleic ar bhealach comhpháirteach leis na dúshláin atá ann faoi láthair trí chabhair dhaonnúil, trí bheartas don fhorbairt agus trí chúnamh, chomh maith le hiarrachtaí lena ndírítear ar an gcobhsaíocht a chinntiú agus ar an athléimneacht a neartú. Is díol sásaimh di freisin an dul chun cinn a rinneadh maidir le bunú Ciste Iontaobhais Éigeandála don chobhsaíocht agus go bhfuil aghaidh á tabhairt ar na bunchúiseanna atá taobh thiar den imirce neamhrialta agus d'easáitiú na ndaoine san Afraic agus meabhraíonn sí go gcaithfear maoiniú a mhéadú trí ranníocaíochtaí breise ó na Ballstáit.

9. Molann an Chomhairle don Idirphlé Ardleibhéil atá ar bun maidir le cúrsaí imirce, ar idirphlé é le tíortha tábhachtacha atá buailte ar na príomhbhealaí imirce chun na hEorpa, agus atá á shaothrú ag an Ardionadaí/Leas-Uachtarán agus ag Coimisinéirí ábhartha eile i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Ba cheart dul i mbun an idirphlé ardleibhéil sin maidir leis an gclár oibre leathan faoin imirce agus faoi thearmann de mheon na comhpháirtíochta agus ba cheart go gcuideodh sé le giaráil a shainaithint agus cur leis an gcomhar, go háirithe i dtaca le hathligean isteach. Bainfear leas as na huirlisí uile chun cur leis an gcomhar maidir le cur ar ais agus athligean isteach, agus ar an gcaoi sin, tús áite á thabhairt don athligean isteach san idirphlé atá ar bun le tíortha tionscnaimh na n-imirceach mírialta.

Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún arís, togra a chur ar aghaidh, i gcomhar le SEGS, laistigh de shé mhí, le haghaidh pacáistí cuimsitheacha, saincheaptha chun comhar foriomlán a threisiú le tríú tíortha d'fhonn athligean isteach agus cur ar ais a chur chun feidhme go héifeachtach. Beidh an t-idirphlé sin mar uirlis thábhachtach freisin chun go gcuirfear chun feidhme tuilleadh an méid a baineadh amach ag Comhdháil Ardleibhéil Lucsamburg maidir le Bealach Oirthear na Meánmhara/na mBalcán Thiar agus ag Cruinniú Mullaigh Vaileite.

I ndáil leis an méid sin, tugann sí dá haire go háirithe an plé tairbheach a bhí ag HRVP le hAirí Gnóthaí Eachtracha G5 na Saiheile an 17 Meitheamh agus leis an Nígir an 17-18 Meán Fómhair, leis an tSeineagáil agus leis an Aetóip le linn Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 29 Meán Fómhair agus tugann sí dá haire freisin an plé a dhéanfar amach anseo leis an Aetóip agus le Coimisiún an Aontais Afracaigh in Addis Ababa an 20 Deireadh Fómhair.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle é imscaradh mear Oifigeach Eorpach Idirchaidrimh Imirce i dToscaireachtaí an Aontais agus beidh sin ina chuidiú mór sa chomhar leis na príomh-chomhpháirtithe.

11. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil tacaíocht níos fearr á tabhairt d'Oifig Ardchoimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), don Chlár Domhanda Bia agus do chláir agus do shainghníomhaireachtaí eile mar a cinneadh ag cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach an 23 Meán Fómhair. I ndáil leis sin agus mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair, iarrann sí go neartófaí tuilleadh an comhar leis na comhpháirtithe tábhachtacha idirnáisiúnta agus leis na Náisiúin Aontaithe, go háirithe le UNHCR, le hOifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (UN OCHA), le Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP), chomh maith le heagraíochtaí amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (EII) agus Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD). Chuige sin, iarrann an tAontas Eorpach ar an gcomhphobal idirnáisiúnta dlús a chur lena chuid iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim reatha.

12. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur tosaíocht é an comhrac i gcoinne gáinneálaithe agus smuigléirí i gcónaí agus is díol sásaimh di an t-aistriú chuig an dara céim d'oibríocht EUNAVFOR MED SOPHIA ar an mórmhuir, mar a leagtar amach i bpointe (b)(i) d'Airteagal 2(2) de Chinneadh (CBES) 2015/778, atá ina chéim thábhachtach, thráthúil chun cur isteach ar an tsamhail ghnó atá ag smuigléirí na n-imirceach, agus is díol sásaimh di gur glacadh Rún 2240 ó CSNA an 9 Deireadh Fómhair. Iarrann an Chomhairle ar HRVP leanúint den obair d'fhonn go bhféadfar dul ar aghaidh le céimeanna eile na hoibríochta sin.

13. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin neartú EUCAP Sahel Niger, rud a chuireann leis an obair ríthábhachtach atá á déanamh chun tacú le húdaráis na Nigéire agus iad ag iarraidh an imirce mhírialta tríd an Nigéir agus go háirithe in Agadez a chosc, a rialú agus a bhainistiú, agus is díol sásaimh di an t-ionad ilfheidhmeach piolótach a bheith á bhunú go mear agus an tacaíocht do Rialtas na Nígire. Sa chreat sin, d'fhéadfaí bealaí a iniúchadh chun misin CBSC an Aontais Eorpaigh sa tSaiheil a threisiú.

14. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach teacht ar réiteach ar an gcoimhlint sa Libia le bheith in ann aghaidh a thabhairt ar shreabha imirce tríd an Meánmhuir Láir agus meabhraíonn sí go bhfuil an tAontas réidh leanúint de thacaíocht a thabhairt d'údaráis na Libia chun tabhairt faoin imirce mhírialta, go háirithe i réimse an bhainistithe trasteorann agus an chomhraic i gcoinne gáinneáil ar dhaoine.

15. Tacaíonn an Chomhairle leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán agus leis an gCoimisiún san obair atá ar bun acu leis an gclár oibre thuas a chur chun feidhme go mear, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, agus iarrann sí orthu leanúint den ghné sheachtrach de bheartas imirce an Aontais a threisiú, lena n-áirítear trí idirghabháil a dhéanamh le comhpháirtithe eile an chomhphobail idirnáisiúnta agus trí dhlús a chur leis an gcomhar le tríú tíortha tionscnaimh agus idirthurais.